

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL GHAILLIMH LE GAEILGE 2007

## CLÁR


RÉAMHRÁ Ó ÉAMON Ó CUÍV TD , AN tAIRE GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA 2

FOCAL ÓN CHATHAOIRLEACH 3

FOCAL ÓN MHÉARA, COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE 4

FOCAL Ó UACHTARÁN CHUMANN TRÁCHTÁLA NA GAILLIMHE 5

GAILLIMH LE GAEILGE - EOLAS GINEARÁLTA 6

GAILLIMH LE GAEILGE - STRUCHTÚR 7

GAILLIMH LE GAEILGE - COISTÍ AGUS FOIREANN 7

RÁITEAS FÍSE 8

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007** 9

**SPRIOC 1** 10
STÁDAS OIFIGIÚIL DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE

**SPRIOC 2** 12
NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN,
TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

**SPRIOC 3** 32
'ÚINÉIREACHT' NA GAEILGE AG AN PHOBAL, A SHAOTHRÚ I BPOBAL NA CATHRACH

DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2007 36

# RÉAMHRÁ ÓN AIRE

## ÉAMON Ó CUÍV, T.D.,
*An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta*



Mar Aire don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, is cúis áthais dom fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil Ghaillimh le Gaeilge 2007. Is léir ón Tuarascáil seo, go bhfuil dul chun cinn déanta ag an eagraíocht agus go bhfuil aitheantas bainte amach aici ina ceannródaí i gcur chun cinn na Gaeilge. Dar ndóigh, bhí mé an-sásta go raibh mo Roinnse in ann cúnamh airgeadais a chur ar fáil do Ghaillimh le Gaeilge arís i 2007 chun tacú leis an dea-obair.

Le tacaíocht na Roinne, sheol Gaillimh le Gaeilge Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe. Léirigh sé go raibh pobal na cathrach ar aon intinn leo, ina gcuid aidhmneanna maidir le Stádas Oifigiúil Dátheangach a bhronnadh ar Chathair na Gaillimhe. Tá an staidéar 'neamhspleách, eolach agus cruthaitheach' agus chuir sé 'feoil' ar an gcoincheap a bhí agam féin cúpla bliain ó shin, is é sin 'stádas speisialta dátheangach a thabhairt don chathair'. Is cinnte gur bunús láidir luachmhar atá sa staidéar seo, chun stádas dátheangach a bhaint amach don chathair.

Bhí áthas orm chomh maith go raibh an deis ag mo Roinnse, deontas de €57,750 a cheadú do Ghaillimh le Gaeilge, chun cuidiú le Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe soilse na Nollag i nGaeilge a chrochadh ar fud na Cathrach. Bealach iontach eile a bhí sna soilse seo, chun an Ghaeilge a chur os comhair phobal na cathrach agus na gcuairteoirí ar fad, a bhí i gCathair na Gaillimhe thar thréimhse na Nollag.

Is léir go bhfuil Gaillimh le Gaeilge ag dul ó neart go neart agus tá taifeadú déanta ar an dul chun cinn sin sa tuarascáil seo. Taispeánadh chomh maith leis an méid tuairisciú ar an eagraíocht sna nuachtáin agus sna meáin chumarsáide i gcoitinne i 2007, go raibh eolas níos forleithne ar Ghaillimh le Gaeilge agus cabhraíonn sé seo le hardphróifíl a thabhairt don Ghaeilge sa chathair agus ar fud na tíre.

Ar deireadh, molaim an tacaíocht leanúnach atá á tabhairt do Ghaillimh le Gaeilge ag an gComhairle Cathrach & ag Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Don chathaoirleach, don choiste agus d'fhoireann Ghaillimh le Gaeilge, mo bhuíochas.

Go fada buan sibh,



Éamon Ó Cuív TD
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

# FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH


## CAITLÍN NIC AN ULTAIGH
*Ceannasaí Bainistíochta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*




I rith 2007, cuireadh bliain rathúil eile i gcrích chun sprioc, stádas agus seasamh mar chathair dhátheangach a bhaint amach do Ghaillimh. Ceann de na tograí is mó a bhí idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge i rith 2007 ná foilsiúcháin agus seoladh an Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe. Bhí sé mar phríomhchuspóir leis an taighde sin sainmhíniú a thabhairt ar an dátheangachas a bheadh indéanta i gCathair na Gaillimhe agus ag Gaillimh le Gaeilge agus cuireadh sin ar fáil dúinn sa staidéar seo. Is céim thábhachtach í seo i saol cultúrtha agus eacnamaíochta na cathrach agus i dtreo stádas oifigiúil dátheangach do Chathair na Gaillimhe. Ní raibh aon amhras ar na daoine a ceistíodh ach go gcuideodh an stádas dhátheangach go mór le Cathair na Gaillimhe agus leis an réigiún mórthimpeall agus go gcuirfeadh sé freisin leis na buntáistí a bheadh ar fáil do thionscal na turasóireachta áitiúla.

Gach bliain, déantar forbairt nua agus athnuachán ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus i 2007 aimsíodh maoiniú breise agus comhpháirtithe nua, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe le
forbairt agus dearadh a dhéanamh ar 'Séala Oifigiúil Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh'. Is 'Q Marc' atá anseo don Ghaeilge i nGaillimh, a bheidh le feiceáil ar stáiseanóireacht, bróisiúir agus ar láithreáin ghréasáin buaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

Rinneadh nuashonrú ar Eolaire Ghnó Ghaillimh le Gaeilge agus cuireadh an t-eolas ar fad ar shuíomh idirlín Ghaillimh le Gaeilge www.gleg.ie. Le tacaíocht an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, d'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhpháirt le Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe, chun na Soilse Nollag i nGaeilge a chur ar fáil do mhuintir na Gaillimhe agus cur le híomhá dhátheangach na Cathrach.

Cuireadh le hobair an Choiste Logainmneacha le linn 2007 agus d'éirigh go hiontach chomh maith, i rith na bliana, leis na hócáidí soisialta agus lónta gnó a reáchtáladh agus tugadh gach tacaíocht agus comhairle do chomhlachtaí ar mian leo an Ghaeilge a úsáid ó lá go lá ina gcuid gnó. Tuairiscíodh ar obair Ghaillimh le Gaeilge Teoranta sna nuachtáin áitiúla agus sna meáin chumarsáide 98 uair i rith na bliana chomh maith.

Ar deireadh, ba mhaith liom thar ceann Choiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge, buíochas a ghlacadh le gach uile dhuine a chuidigh ar aon bhealach leis an obair a chur chun cinn, go háirithe leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Chomhairle Cathrach, Cairde Ghaillimh le Gaeilge agus Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá buíochas ar leith ag dul do na daoine a thugann a gcuid ama go deonach do Ghaillimh le Gaeilge, do bhaill an Choiste Stiúrtha agus an Choiste Logainmneacha, ach go háirithe. Freisin, tá ár mbuíochas tuillte freisin ag foireann bheag Ghaillimh le Gaeilge as a saothar i gcaitheamh na bliana.

Gach Rath



Caitlín Nic an Ultaigh
Cathaoirleach

# FOCAL ÓN MÉARA

## AN COMHAIRLEOIR TOM COSTELLO
*Méara Chathair na Gaillimhe*



Fáiltím roimh thuarascail bhliantúil Ghaillimh le Gaeilge. Tá obair fíorthábhachtach ar bun acu sa chathair ag cruthú íomhá ar leith don chathair. Is áis iontach í an Ghaeilge atá le fáil go nádúrtha sa chathair agus tacaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe go láidir leis an obair sin.

Bliain chinniúnach a bhí i 2007 do Ghaillimh le Gaeilge. Foilsíodh an Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe [le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ó Ghrúpaí eile], ina léiríodh go raibh dea-thoil agus díograis don smaoineamh go dtabharfaí stádas dátheangach do Chathair na Gaillimhe. Creidim go bhfuil sé tábhachtach go mbainimid an stádas sin amach mar chathair chun ár n-íomhá uathúil a chothú, a fhorbairt agus a dhaingniú.

Rinneadh forbairt ar Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, le Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh–Comhartha d'Ardchaighdeán sa Dátheangachas. Is comhpháirt thábhachtach de chuid Dhuais Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh í forbairt an 'Séala' agus is cinnte go neartóidh agus go dtreiseoidh sí cáil an Ghradaim, mar 'an ceann is fearr sa dátheangachas.'

Tréaslaím le hobair an Choiste Logainmneacha ar a bhfuilim féin i mo bhall. Cé go bhfuil meath ag teacht ar thógáil eastát le 3 bliana anuas, ainmníodh 17 n-eastát i nGaeilge i rith 2007. Chuir sé seo go mór le hiomhá uathúil chultúrtha na Cathrach. Is ábhar bróid dúinn Comhairle Cathrach na Gaillimhe, a bheith ar an an gcéad Údarás áitiúil a bhunaigh Coiste logainmneacha. Tá sé tábhachtach go leanaimid ar aghaidh, ag forbairt agus ag cothú ár n-íomhá uathúil leis an obair sin.

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú le hobair Ghaillimh le Gaeilge, maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn, i ngach bealach is féidir léi agus guím gach rath ar Ghaillimh le Gaeilge sa todhchaí.

Gach rath oraibh.

Tomás Ó Coisdealbha

Tom Costello.
Méara Chathair na Gaillimhe

# FOCAL ÓN UACHTARÁN

## PETER ALLEN
*Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe Tráchtála na Gaillimhe*



Táim thar a bheith sásta, agus mé i m'Uachtarán ar Chumann Tráchtála na Gaillimhe, go bhfuil an caidreamh idir an Cumann Tráchtála agus Gaillimh le Gaeilge ag dul i dtreise arís i mbliana.

Táimid ag tacú i gcónaí le hobair Ghaillimh le Gaeilge, ag cur úsáid na Gaeilge chun cinn laistigh den earnáil ghnó ar gach bealach is féidir. Táimid bródúil as ár gceangal le Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, ó bunaíodh an Gradam i 2002. Is comhartha dóchais dúinn go bhfuil fás agus forbairt tagtha ar an nGradam le bunú 'Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh'. Tá an-bhród orainn go bhfuil an 'Séala' agus an 'Gradam', ainmnithe in omós do 'Seosamh Ó hÓgartaigh', fear a bhí ina bhall de Chumann Tráchtála na Gaillimhe.

Tacaímid chomh maith, le Stádas Oifigiúil Dátheangach a bhronnadh ar an gCathair agus tréaslaímid libh as bhur rathúlacht agus as bhur n-éachtaí leanúnacha. Léiríonn torthaí an Staidéir Thaiscéalaíoch, go bhfuil an tacaíocht ann i measc an phobail do Stádas Dátheangach. Is acmhainn luachmhar í an Ghaeilge do Chathair na Gaillimhe agus táimid ar aon intinn leo gur fiú treániarracht a dhéanamh chun í a chaomhnú agus a threisiú.

Cruthaíonn an Ghaeilge éagsúlacht idir sinn agus Cathracha eile ar fud na tíre agus go deimhin ar fud an domhain. Tugann sí buntáiste iomaíochta dúinn, maidir le margaíocht a dhéanamh ar Chathair na Gaillimhe mar ionad turasóireachta agus mar áit chun gnó a bhunú inti. Le caint faoi chúlú na heacnamaíochta, tá sé tábhachtach dúinn leas a bhaint as aon bhuntáiste atá ar fáil dúinn, chun fás agus forbairt a dhéanamh.

Go raibh míle maith agaibh agus gach rath oraibh don todhchaí.



Peter Allen
Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe

# EOLAS GINEARÁLTA GAILLIMH LE GAEILGE

## GAILLIMH LE GAEILGE

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge chun go neartófaí an Ghaeilge, go háirithe ina hacmhainn eacnamaíoch i limistéar na Gaillimhe.
Oibríonn Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí eile chun íomhá Ghaeilge na Cathrach a fhorbairt agus a threisiú agus Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar Chathair Dhátheangach agus chun stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach don chathair.

## ÁR gCUID OIBRE

Cuireann muid comhairle agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do chomhlachtaí atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, go háirithe mar uirlis núíosach mhargaíochta. Tá scéim 'Cairde' againn, Coiste Logainmneacha i gcomhar leis an gComhairle Cathrach, eagraíonn muid Gradam bliantúil, Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, agus bíonn muid páirteach i dtograí dátheangacha ina ndéantar forbairt orthu i gcomhar le grúpaí eile i gCathair na Gaillimhe. Cothaítear teagmháil leanúnach leis an lucht gnó trí chlár ilghnéitheach sóisialta agus nasctha, lena n-áirítear nuachtlitir mhíosúil DEIS, lónta gnó agus ócáidí sóisialta.

## AN COISTE LOGAINMNEACHA

Bunaíodh an Coiste Logainmneacha i 1992 i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, chun ainmneacha oiriúnacha i nGaeilge a chur ar fáil d'eastáit nua sa chathair. Tá ionadaithe ar an Choiste ón Phost, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, chomh maith le staraithe áitiúla agus saineolaithe ar logainmneacha. Oibríonn an coiste i gcomhar le tógálaithe agus déanann sé iarracht ainmneacha a chur ar fáil, a chuirfeadh bród ar áitritheoirí agus a chothódh meas sna glúine a thiocfadh inár ndiaidh.

## GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógaartaigh i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus an Galway Advertiser agus le tacaíocht Údarás na Gaeltachta. Is í an aidhm atá leis an nGradam seo ná aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí a bhfuil an Ghaeilge in úsáid acu ina ngnó, agus mar thoradh ar sin, atá rannpháirteach i nGaillimh a chur chun cinn cinn mar Chathair Dhátheangach chun stádas oifigiúil a bhaint amach don chathair. Bronntar píosa dealbhóireachta uathúil chuile bhliain ar an mbuaiteoir. Tá 14 treabh na Gaillimhe léirithe ar an bpíosa dealbhóireachta seo agus 'treabh an lae inniu' ag seasamh do bhuaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh agus do na buaiteoirí amach anseo.
Bronntar "Séala Oifigiúil Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh" ar an mbuaiteoir freisin i gcomhpháirtíocht le Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe. Is 'Q Marc' atá anseo don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe a bheidh le feiceáil ar stáiseanóireacht, ar bróisiúr agus ar láithreáin ghréasáin bhuaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i ndiaidh dóibh buachan.

## CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Is grúpa iad Cairde Ghaillimh le Gaeilge ar mian leo a bheith rannpháirteach in obair Ghaillimh le Gaeilge, maidir le Cathair na Gaillimhe a chur a chur chun cinn mar Chathair dhátheangach agus chun stádas oifigiúil dátheangach a bhaint amach don Chathair. Tríd íocaíocht bhliantúil a dhéanamh, is féidir leat a bheith i do 'Cara', 'Cara Maith' nó 'Dlúthchara', lena gcuid buntáistí féin ag gach ceann acu!

# NA COISTÍ AGUS AN FHOIREANN



Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le hochtar Stiúrthóirí, a leagann an polasaí amach. Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an Scéim Cairde, i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta le stádas carthanachta agus dá bhrí sin is cuideachta neamhbhrabúis í.

## AN COISTE STIÚRTHA:

| | |
|---|---|
| Caitlín Nic an Ultaigh [Cathaoirleach] | Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscollaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Aindriú D'Arcy | Ceann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe /Maigh Eo |
| An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh | Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Joe Greaney | Stiúrthóir, WESTBIC |
| Máire Mhic Aodha | Comhordaitheoir Réigiúnach, Banc na hÉireann |
| Pádraic Ó Ráighne | Feidhmeannach Margaíochta TG4 |
| Tomás Breathnach | Timire Ghaeilge Choistí Gairmoideachais Chontae agus Chathair an Gaillimhe |
| Pádraig Ó Beaglaoich | Iar-PhríomhOifigeach san Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta |

## FÉACHADÓIR

| | |
|---|---|
| Uinseann Mac Thomáis | Stiúrthóir, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta |

## AN COISTE LOGAINMNEACHA:

| | |
|---|---|
| Christy Kelly *(Cathaoirleach)* | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Séamas Ó Gráda *(LeasChathaoirleach)* | An Post |
| An Comhairleoir John Mulholland | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| An Comhairleoir Tom Costello | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Peadar O'Dowd | Staraí |
| An Dr. Nollaig Ó Muraile | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Breanndán Ó Súilleabháin | An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta |
| Jim Higgins | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Máire Ní Mhulláin | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Séamas Mac Coitir | Gleann na Coille |
| Bríd Ní Chonghóile | Gaillimh le Gaeilge |

## AN FHOIREANN:

| | |
|---|---|
| Bríd Ní Chonghóile | Ardfheidhmeannach |
| Gearóidín Ní Ghioballáin | Bainisteoir Tograí |
| Mícheál Ó Ceallaigh | Riarthóir Oifige |

# RÁITEAS FÍSE


## ÁR BHFÍS DON GHAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE

Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – agus nach féidir teacht ar cheann acu gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.

## SEO Í ÁR BHFÍS:

Tá léirmhíniú comhaontaithe ag Gaillimh le Gaeilge agus ag geallsealbhóirí lárnacha i nGaillimh, maidir leis an dátheangachas. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na geallsealbhóirí sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe ina Cathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas dátheangach na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe.  Tá sochair shóisialta agus sochair ábharaíocha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.

## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2006-2008




Tá trí sprioc straitéiseacha lárnacha leagtha síos ag Gaillimh le Gaeilge don tréimhse 2006-2008.
Is spriocanna iad sin a bhraitheann ar a chéile agus is féidir iad a chatagóiriú mar  seo a leanas.

1 **STÁDAS DHÁTHEANGACH**
2 **AN GHAEILGE A 'NORMALÚ'**
3 **ÚINÉIREACHT**



1

# SPRIOC STRAITÉISEACH 1:

## STADÁS DÁTHEANGACH OIFIGIÚIL A BHAINT AMACH, DO CHATHAIR NA GAILLIMHE

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

1.1

### SEOLADH STAIDÉAR TAISCÉALAÍOCH AR AN DÁTHEANGACHAS I gCATHAIR NA GAILLIMHE I RITH 2007.

Sheol an tAire Éamon Ó Cuív, T.D., an 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe' Dé hAoine 18 Bealtaine 2007, i gComhairle Cathrach na Gaillimhe.

Rinneadh an staidéar i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus le tacaíocht Bhord Forbartha na Cathrach agus Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe.

Bhí sé mar phríomhchuspóir leis an taighde sin sainmhíniú a thabhairt ar an dátheangachas a bheadh inghlactha i gCathair na Gaillimhe agus ag Gaillimh le Gaeilge.

Shoiléirigh an taighde chomh maith go raibh Cathair na Gaillimhe ina hionad an-fheiliúnach mar Chathair dhátheangach i ngeall ar chomh cóngarach agus atá Gaeltacht na Gaillimhe don chathair agus i ngeall ar chuinsí cultúrtha eile, m.sh. an cháil atá bainte amach ag Cathair na Gaillimhe sna healaíona agus sa cheol traidisiúnta. Ní raibh aon amhras ar na daoine a ceistíodh ach go gcuideodh an stádas dátheangach go mór le Cathair na Gaillimhe agus leis an réigiún mórthimpeall agus go gcuirfeadh sé freisin leis na buntáistí a bheadh ar fáil do thionscal na turasóireachta áitiúla.

Léirígh an anailís a rinneadh ar na sonraí a bailíodh go bhfuil dearcadh forleathan fíordhearfach, i gCathair na Gaillimhe i leith an dátheangachais agus i leith stádais oifigiúil dhátheangach don chathair. Tugtar an meon dearfach seo le fios, ní hamháin i measc cainteoirí Gaeilge, ach freisin i measc daoine atá ar bheagán nó ar fíorbheagán Gaeilge. Ar na daoine sin tá daoine nach náisiúnaigh de chuid na tíre iad, rud a léiríonn go bhfuil ceist na Gaeilge ábhartha do gach aon ghrúpa den tsochaí.

Is í an bharúil atá ag tromlach mhuintir na Gaillimhe go mbeadh toradh dearfach agus buntáisteach ag an stádas dhátheangach ar an gcathair agus go mbeadh siad bródúil dá dtabharfaí stádas dhátheangach dí.

B'fhéidir ceann de na nithe is tábhachtaí a d'eascair ón staidéar seo ná 'comhthuiscint' ar céard a chiallaíonn dátheangachas i gcathair na Gaillimhe.

Is é sin 'Gaeilge agus Béarla in úsáid le chéile, i slí iomlán chuimsitheach, i gCathair na Gaillimhe, le béim ar leith ar na meáin áitiúla agus ar sheirbhísí ón earnáil phoiblí agus an dá theanga le feiceáil agus le cloisteáil go forleathan ar fud na cathrach'.

**Tá an 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe' 'neamhspleách, eolach agus cruthaitheach'. Cuireann sé 'feoil' ar an gcoincheap a bhí agam féin cúpla bliain ó shin. Is é sin 'stádas speisialta dátheangach a thabhairt don chathair'. Is 'bunús láidir luachmhar é an staidéar taiscéalaíoch, chun stádas dátheangach a bhaint amach don chathair'.**

**An tAire Éamon Ó Cuív, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta 2007**



Ó chlé: An Comhairleoir Niall Ó Brolcháin, Méara Chathair na Gaillimhe, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, An tAire Éamon Ó Cuív, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ag an seoladh ar 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe' in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



Ó Chlé: Joe MacGrath, Bainisteoir na Cathrach, An Comhairleoir Colette Connolly, Cathaoirleach Bhord Forbartha na Cathrach, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, An tAire Éamon Ó Cuív, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag an seoladh ar 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe', in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



Ó Chlé: Michael Coyle, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, An Seanadóir Margaret Cox, An Comhairleoir Niall Ó Brolcháin, Méara na Gaillimhe, Joe Considine, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ag an seoladh ar 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe' in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2008

# 2008

- Critéir a aontú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun aitheantas oifigiúil a bhaint amach, mar Chathair Dhátheangach. [Ag eascairt as an 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe.']

- Comhoibriú leis na hOifigigh chuí sa Chomhairle Cathrach, maidir leis na bearta is gá a dhéanamh chun aitheantas oifigiúil a bhaint amach, mar Chathair Dhátheangach.

- Nuashonrú a dhéanamh ar Straitéis Ghaillimh le Gaeilge 2006-2008.

- Tasc taighde a dhéanamh chun na breistionchair eacnamaíocha a bhaineann le húsáid na Gaeilge, i nGaeltacht agus i gCathair na Gaillimhe a fháil amach. É seo a dhéanamh chun tábhacht na teanga sin, do gheilleagar an cheantair gheografaigh seo agus do Chathair na Gaillimhe, ach go háirithe, a chainníochtú i dtéarmaí airgeadúla.

**Is céim thábhachtach seoladh an 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe' i saol cultúrtha agus eacnamaíochta na cathrach agus i dtreo stádas oifigiúil dátheangach do Chathair na Gaillimhe.**

**Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach, Gaillimh le Gaeilge.**




Ó chlé: Karen Smyth, Aran Direct.com, Proinséas Ó hÓgartaigh, Ball de Chairde Ghaillimh le Gaeilge, agus Bernadette Woods, Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag an seoladh ar 'Staidéar Taiscéalaíoch ar an Dátheangachas i gCathair na Gaillimhe', in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

2007

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labharfar í. Is laistigh de thimpeallacht normálaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

Tá tógraí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach, ina measc tá

1. AN COISTE LOGAINMNEACHA
2. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH
3. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE
4. AN GHAEILGE SA GHNÓ
5. SUÍOMH IDIRLÍN GHAILLIMH LE GAEILGE - WWW.GLEG.IE
6. NA MEÁIN CHUMARSÁIDE



**DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007**

## 2.1 AN COISTE LOGAINMNEACHA, COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE.

Lean Coiste Logainmneacha, Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena gcuid oibre ag cur comhairle, eolas agus inspreagadh ar fáil d'fhorbraitheoirí eastát nua maidir le húsáid na Gaeilge sa Chathair.

Tá ionadaithe ar an gCoiste ó eagraíochtaí éagsúla sa Chathair, le cúlraí agus saineolas éagsúla, ionas go mbíonn ainmneacha á roghnú a mbíonn baint acu leis an gceantar ina bhfuil siad, chomh maith le timpeallacht fhisiciúil na Cathrach. Déanann an Coiste ainmneacha i nGaeilge a mholadh, a bhíonn simplí go leor, ionas gur féidir le daoine nach bhfuil Gaeilge acu iad a fhuaimniú.

Choinnigh Gaillimh le Gaeilge, i gcomhar le baill an Choiste, ag moladh aistriúchán cruinn agus beacht agus chinntigh an réimse leathan saineolais a bhí ar fáil go mbeadh brí agus blas áitiúil chomh maith le comhthéacs stairiúil ag baint leis na hainmneacha a roghnaíodh.

Arís, faoi threoir Criostóir Ó Ceallaigh, Príomhtheicneoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Cathaoirleach Choiste Logainmneacha na Gaillimhe, tugadh cabhair agus cúnamh do chonraitheoirí tógála ainmneacha feiliúnacha i nGaeilge, a chur ar 17 n-eastát tithíochta thart ar Chathair na Gaillimhe le linn 2007.

**An Fiodán Beag**
**Abhainn na mBradán**
**Cluain an Átha**
**Rinn na Cathrach**
**Croit na Mara**
**An Cúlgharraí**
**Cúirt Chéirín**
**Cúirt Éigis**
**Cúirt Róisín**
**Cúirt an Doláin**
**Geata an Eolais**
**Halla an Rí**
**An Leargán**
**An Sliabh Bán**
**An Tornóg**
**An Réileán**
**An Tuairín**
**Túr an tSáile**

**Dabhach Uisce**
**Baile Nua Mhic Ghabhann**
**An Caisleán Nua Uachtarach**
**Cnoc na Radharc**
**Bóthar na Trá**
**Rathún**
**An Daingean Uachtarach**
**Bóthar Bhaile Bháin**
**Bóthar na Ceapaí**
**An Cladach**
**Bóthar na hOllscoile**
**Cnoc na Cathrach**
**Cnoc na Cathrach**
**An Baile Bán**
**Baile an Phoill**
**Ros cam**
**Ros cam**
**Bóthar Loch an tSáile**

**'Bhí áthas orm bheith in ann cuidiú leis an gCoiste Logainmneacha, ag cur ainmneacha ar fáil a raibh baint acu leis an oidhreacht d'eastáit nua le linn 2007, mar shampla, Abhainn na mBradán (tá a dhóthain acu sa Choirib, in aice leis an Eastát nua seo i mBaile Nua Mhic Ghabhann) agus dar ndóigh, Cúirt na hÉigse in aice leis an ITGM. Má chaillimid an oidhreacht, cad tá fágtha?!'**

**Peadar O'Dowd, Staraí.**



Réileán atá lonnaithe i Ros Cam, Gaillimh.



Coill Mhara, Bóthar na Ceapaí, Gaillimh



Rosán Glas, Rathún, Gaillimh.

2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

2007

2008

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2008

- **Polasaí na Comhairle Cathrach maidir le hainmneacha i nGaeilge d'eastáit tithíochta agus obair an Choiste Logainmneacha a choinneáil ar siúl.**

- **Dul i bhfeidhm níos mó ar na Páirceanna Gnó - ag soláthar ainmneacha feiliúnacha, simplí, i nGaeilge dóibh sa chaoi go mbeidh an t-ainm ar a laghad dátheangach.**

- **Leanúint ar aghaidh ag stiúradh agus riaradh an Choiste Logainmneacha, ag soláthar ainmneacha feiliúnacha, simplí, i nGaeilge d'eastáit tithíochta nua agus d'fhorbraíochtaí tógála nua eile ar fud na cathrach.**





## DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

### 2.2 FÓGRAÍODH TREABH NUA NA GAILLIMHE

Bronnadh an duais shuntasach Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Corrib Removals & Storage, ag Searmanas Speisialta in Óstán an Ardoileáin, Gaillimh. Eagraíodh an Gradam i gcomhar leis an Galway Advertiser agus le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Déantar é a bhronnadh gach bliain ar chomhlacht nó ar eagraíocht, mar aitheantas go bhfuil an Ghaeilge in úsáid acu agus de bharr sin, go bhfuiltear ag cur Chathair na Gaillimhe chun cinn mar Chathair dhátheangach.

Bhronn Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Costello, dealbh álainn, deartha go speisialta don Ghradam ag Pádraic Reaney agus ag léiriú 14 Treibh na Gaillimhe, le treibh amháin bhreise chun buaiteoir an Ghradaim a chur in iúl – Treibh nua na Gaillimhe, ar Corrib Removals & Storage. Bronnadh pacáiste orthu freisin ó Ghrúpa Nuachtán an Galway Advertiser, ó Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Galway Bay FM agus ó Snap Printing le luach sa bhreis ar €15,000.




Ó Chlé: Siobhán Feeney, Corrib Removals & Storage lena iníonacha Gráinne agus Paula, ag ceiliúradh tar éis dóibh Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhaint amach.

**Tá áthas orainn bheith mar chuid de Phobal Gnó na Gaillimhe, atá ag iarraidh cabhrú le Gaillimh a dhaingniú mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann. Cuirimid fáilte i gcónaí roimh ghnó trí Ghaeilge."**

**Siobhán Feeney, Corrib Removals & Storage.**

Ó Chlé: An Comhairleoir Tom Costello, Méara Chathair na Gaillimhe, ag bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Shiobhán Feeney, Corrib Removals &Storage ag searmanas speisialta in Óstán an Ardoileáin.



2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2006

2.2

### BUAITEOIRÍ AN DARA CATAGÓRA

Fógraíodh Tacsaithe na Gaillimhe ina mbuaiteoirí ar an gcatagóir le breis agus fiche fostaí. Bronnadh macasamhail de Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh orthu, urraithe ag Údarás na Gaeltachta.

Tá Tacsaithe na Gaillimhe ag cur seirbhís tacsaithe ar fáil do mhuintir na Gaillimhe ó 1986. Bhí am an-chorraitheach ag Tacsaithe na Gaillimhe le blianta beaga anuas. Tar éis dóibh scór bliain a chaitheamh ar Shráid an Phríomhgharda, shocraigh siad ar athlonnú go dtí áitreabh níos mó agus níos nua-aimseartha ar Shráid Dhoiminic. Is cainteoirí líofa Gaeilge iad go leor dá dtiománaithe agus is teanga laethúil acu í. Tá Tacsaithe na Gaillimhe fíorbhródúil as a gceangal leis an nGaeilge.



Ó Chlé:An Comhairleoir Tom Costello, Méara Chathair na Gaillimhe, ag bronnadh theastas Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ar Michael Donoghue, Cathaoirleach, Tacsaithe na Gaillimhe, ag an ócáid do bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, in Óstán an Ardoileáin. Bhí siad ina mbuaiteoirí ar an gcatagóir le breis agus fiche fostaí.

### ÁR nURRAÍ - GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

### GO RAIBH MAITH AGAIBH

Galway Advertiser

Údarás na Gaeltachta

Galway Chamber

Galway Bay FM

Snap



Ó Chlé:Majella Collins, an Galway Advertiser (Urra an Ghradaim), Peter Allen, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe (Urra an Ghradaim), Steve Ó Cúláin, Údarás na Gaeltachta, (Urra an Ghradaim) agus Evelyn Cormican, Uachtarán JCI na Gaillimhe, ag freastal ar Bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, in Óstán an Ardoileáin.



Ó Chlé: Joe Nally, Mícheál Ó Máille agus Michael Donoghue, Tacsaithe na Gaillimhe a bhí ina mbuaiteoirí ar an Dara Catagóir - Comhlachtaí le breis agus fiche fostaí, ag freastal ar bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, in Óstán an Ardoileáin.



## DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

2.2 Bhain na comhlachtaí seo a leanas gearrliosta 'Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh' amach i 2007:

- **CORRIB REMOVALS & STORAGE**
- **HESSION LIFE & PENSIONS**
- **LOHANS BAR & RESTAURANT**
- **ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES**
- **TACSAITHE NA GAILLIMHE**
- **THE MALT HOUSE**

I 2007, bhí dhá chatagóir sa Ghradam – comhlachtaí le fiche nó faoi bhun fiche fostaí agus comhlachtaí le breis agus fiche fostaí.

Sa chatagóir le fiche fostaí nó faoina bhun b'iad:

- **Corrib Removals & Storage,**
- **Hession Life and Pensions,**
- **Lohans Bar & Restaurant agus**
- **Orla Murray Financial Services a bhain an gearrliosta amach.**

Sa dara catagóir le breis agus fiche fostaí b'iad:

- **The Malt House agus**
- **Tacsaithe na Gaillimhe a bhain an gearrliosta amach.**

Bhí na moltóirí an-tógtha leis an gcaighdeán fíorard a bhí ann i 2007. Chomh maith leis sin, bhí siad den tuairim go raibh na pacáistí eolais, faoi na gnólachtaí dátheangacha a cuireadh os a gcomhair ar ardchaighdeán. Roghnaíodh na sé chomhlacht toisc gur 'sheas siad amach', mar gheall ar 'eolas sonrach' a bhí curtha ar fáil faoi na gnólachtaí dátheangacha. Bhí sé soiléir go raibh an Ghaeilge lárnach ina ngnó, agus i bhforbairt a ngnó don todhchaí chomh maith.

Ag bronnadh an Ghradaim in Óstán an Ardoileáin, rinne na moltóirí tagairt faoi leith don chomhlacht 'Orla Murray Financial Services'. Rinne siad an tagairt seo de bharr na sáriarrachta a rinne an comhlacht, maidir le húsáid na Gaeilge agus iad istigh ar an nGradam den chéad uair.



An Gearrliosta do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2007. Ar Cúl, ó chlé: Anne Hession, Hession Life and Pension, Paul McCarthy, The Malt House, Patricia Lohan, Lohans Bar & Restaurant, Orla Murray, Orla Murray Financial Services. Chun tosaigh: Siobhán Feeney, Corrib Removals, Peter Allen Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe agus Michael Donoghue, Tacsaithe na Gaillimhe.



Ó Chlé: An tAire Éamon Ó Cuív, ag déanamh comhghairdeas le Orla Murray, Orla Murray Financial Services agus Máire Ní Mhulláin, Moltóir an Ghradaim le Danny Burke, agus Dermot Murray, Orla Murray Financial Services, ag freastal ar Bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.



Ó Chlé: Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta (Urra an Ghradaim), Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Costello, Keith Finnegan, Galway Bay FM (Urra an Ghradaim) agus Kristan Sheirdan, Snap Printing (Urra an Ghradaim), ag freastal ar Bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.

2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

2.2 B’iad Pádraic Ó Ráighne TG4, Máire Ní Mhulláin, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Nóirín D’Arcy D’Arcy Marketing & PR Buaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2003, a rinne an mholtóireacht .

I measc na nAinmniúchán eile bhí:

- **Computer Troubleshooters**
- **Eco Ola Ltd.**
- **Greenes Menswear**
- **Joyces Supermarket**
- **Kenny Gallery**
- **Menlo Park Hotel and Conference Centre**
- **Neylon & Co.**
- **The River Inn**

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas a ghabháil leis na hainmnithe go léir as ucht a bheith rannpháirteach sa Ghradam agus as ucht a gcuid oibre leanúnaí i gcur chun cinn Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach agus chun Stádas Oifigiúil Dátheangach a bhaint amach do Ghaillimh .



Ó Chlé: Patricia Lohan, Lohans Bar & Restaurant a bhí ainmnithe don ghearrliosta, do Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh ag an ócáid do Bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.



Ó Chlé: David Niland, Galway Business School, an Comhairleoir Niall Ó Brolcháin agus an gComhairleoir Val Hanley, ag freastal ar Bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.



Ó Chlé: Eimear Ní Ógartaigh, Peter Allen, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, Proinséas Ó hÓgartaigh, agus Rónán Ó hÓgartaigh, ag freastal ar Bhronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh in Óstán an Ardoileáin.



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2008

2008

- Leanúint leis an nGadam chun an phróifíl d'úsáid na Gaeilge sa ghnó a mhéadú.
- Séala Sheosaimh Uí Ógartaigh a dhíol mar an 'Q Marc' don Ghaeilge i gCathair na nGaillimhe.
- Gradam 2008 a bhronnadh & feachtas poiblíochta a bhainistiú.
- Comhpháirtíocht leis na meáin a láidriú agus aird na meán náisiúnta a tharraingt ar an nGradam, trí úsáid a bhaint as ár gcomhpháirtaithe sna meáin.
- Úsáid a bhaint as an nGradam chun comhlachtaí nua a mhealladh chuig an Scéim Cairde agus an Ghaeilge a úsáid

2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

2.3

### SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

- I 2007 bhí 146 ghnó cláraithe le Gaillimh le Gaeilge, a d’fhág go raibh 269 CAIRDE liostaithe ar ár bpostliosta.
- Ábhár margaíochta curtha ar fail do na Cairde ina measc an Nuachtlitir mhíosúil DEIS.
- Ócáidí líonrú míosúla eagraithe do Chairde Ghaillimh le Gaeilge le tinreamh ard i measc na gCairde.

### BUÍOCHAS

Is í an scéim ‘Cairde Ghaillimh le Gaeilge’, a seoladh i 2001, an phríomhshlí a úsáideann Gaillimh le Gaeilge le tacaíocht a fháil dár ngníomhaíochtaí. Bíonn baill Cairde ann as gach earnáil ghnó i gcathair na Gaillimhe, lena n-áirítear seirbhísí miondíolacháin, seirbhísí airgeadais mar aon leis na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, iompair agus corparáideach. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo arís i mbliana, as ucht a dtacaíochta dúinn trí a bheith ina ‘Cara’, ‘Cara Maith’ agus ‘Dlúthchara’ as ucht tacú leis an ngluaiseacht chun Gaillimh a chur chun cinn mar chathair dhátheangach agus chun Stádas Oifigiúil Dátheangach a bhaint amach do Ghaillimh .

CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE



Ó Chlé: Seán Stewart, JSL GROUP (STEWART) LTD., a rinne urraíocht ar an mbarbaiciú, Méara na Gaillimhe, Tom Costello, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, a rinne urraíocht ar an mBarbaiciú agus Pádraig Ó Beaglaoich, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge ag baint suilt as an mBarbaiciú i Kelehans, Páirc na Sceach, Gaillimh.



Mo Chéad Bharbaiciú!
Ó Chlé: Rachael Stewart, JSL GROUP (STEWART) LTD., lena máthair Nóra agus a mac Jack Stewart Browne, ag baint suilt as an mBarbaiciú i Kelehans, Páirc na Sceach, Gaillimh.



Ó Chlé: Róisín Ní Dhuigneáin, O’Leary Insurance, Deirdre Ní Mhaoláin agus Freda Nic Giolla Chatháin, Taibhdhearc na Gaillimhe ag baint suilt as Barbaiciú Chairde Ghaillimh le Gaeilge i Kelehans, Páirc na Sceach, Gaillimh.



## DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

2.3 
### IMEACHTAÍ 2007

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge imeachtaí míosúla chun deis a thabhairt don lucht gnó casadh ar a chéile go neamhfhoirmiúil, gnó a dhéanamh agus Gaeilge a labhairt nó a chleachtadh. Bhí an tinnreamh ard ag na hócáidí seo agus éileamh orthu i gcónaí.

- Eagraíodh 6 lón gnó agus 2 ócáid sóisialta gnó [Bairbiciú an tSamhraidh agus Lón na Nollag]  i rith na bliana.

  Is iad seo a leanas na gnólachtaí ar thugamar cuairt orthu do na lónta gnó;
- An 'Hotel Meyrick', An Fhaiche Mhór.
- An 'House Hotel', Sráid na gCeannaithe.
- Bialann Theach na Céibhe, Sráid na Céibhe.
- Lohans (Oíche Shóisialta), Br  na Trá.
- Park House Hotel, Sráid Fhorster.
- Tamarind, An Póirse Caoch.

### BAIRBICIÚ AN TSAMHRAIDH

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge barbaiciú bliantúil le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus ó JSL GROUP (STEWART) LTD., chun críoch oifigiúil a chur le himeachtaí sóisialta na heagraíochta go dtí an Fómhar. Tugann an ócáid seo deis do Ghaillimh le Gaeilge, buíochas a ghlacadh le gach duine a thugann tacaíocht don ghluaiseacht chun Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar Chathair dhátheangach agus chun Stádas Oifigiúil  Dátheangach a bhaint amach do Ghaillimh.  Is deis iontach é chomh maith teagmháil a choinneáil le 'Cairde Ghaillimh le Gaeilge' agus aithne a chur ar Chairde nua, rud atá riachtanach don obair

### LÓN NA NOLLAG

Rinne Gaillimh le Gaeilge ceiliúradh ar an Nollaig, le lón speisialta dá gCairde ar 19 Nollaig 2007 i mbialann an Malt House. Rinneadh bronnadh speisialta ar an Alan Kerins African Project ag an ócáid, in ionad cártaí Nollag a sheoladh amach chuig na Cairde.



Ó Chlé: Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, ag bronnadh bronntanas ar Darragh Geragthy, Stiúrthóir ar an Alan Kerins African Project ag lón Nollag Ghaillimh le Gaeilge. I láthair sa ghrianghraf chomh maith, tá An Comhairleoir Tom Costello, Méara Chathair na Gaillimhe.



Ó Chlé: Ronnie O' Gorman, Cathaoirleach Chumann Gnó Chathair na Gaillimhe, An Comhairleoir Tom Costello, Méara Chathair na Gaillimhe, Caitlín Nic an Ultaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Peter Allen, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe, ag baint suilt as Lón na Nollag sa Malt House.



David Nyland and  Celestine Rowland, Galway Business School  ag baint sult as  Lón na Nollag,  sa Malt House.

# 2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007


deis
Gradam Barr Caoga do Ghaillimh le Gaeilge

Cuireadh DEIS - nuachtlitir Chairde Ghaillimh le Gaeilge amach chuig na Cairde ar fad gach uile mhí. I 2007 bhí 185 ar an liosta leictreonach (r-phost) don nuachtlitir, agus fuair 84 duine cruachóip sa phost.
Bhí eolas sa Nuachtlitir ar imeachtaí míosúla, idir oícheanta amhránaíochta, drámaí, lónta gnó, agus eolas ar Chairde, an tSeirbhís 'An Ghaeilge sa nGnó' agus go leor leor eile.

### DIALANN 2008

D'fhoilsigh Gaillimh le Gaeilge mar chuid de sheirbhísí Chairde Ghaillimh le Gaeilge Dialann Bhliantúil 2008.
Tugadh deis do Chairde Ghaillimh le Gaeilge fógraíocht a dhéanamh sa dialann, agus tugadh ceann do gach Cara agus díoladh na cinn breise.

### FÓGRÓIRÍ 2008

AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA
AN COIMISINÉIR TEANGA
AN CURADH CONNACHTACH
ACADAMH NA HOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE
BANC NA HÉIREANN
BORD FIONTAR CONTAE AGUS CATHRACH NA GAILLIMHE
BUS ÉIREANN
COMHAR CREIDMHEASA NAOMH ANTAINE
FOINSE
IRISH TIME DESIGN
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE - MAIGH EO
JSL GROUP (STEWART) LTD.
ÓSTÁN AN ARDOILEÁIN
O' LEARY INSURANCES(GALWAY) LTD.
ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES
RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA
RADISSON SAS NA GAILLIMHE
SEACHTAIN NA GAEILGE
SEÁN C. Ó DOMHNAILL & A MHIC
SEÁN Ó NEACHTAIN FPE
SIMON J. KELLY & PARTNERS
SNAP PRINTING
TAIBHDHEARC NA GAILLIMHE
TG4
ÚDARÁS NA GAELTACHTA
WESTBIC

Ba mhaith le Gaillimh le Gaeilge buíochas ar leith a ghabháil leis na Cairde uile a thóg fógra amach sa Dialann–gan sibhse ní bheadh sé ar ár gcumas an Dialann a fhoilsiú ar chor ar bith!



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO 2008

2008

- Leanúint leis an scéim agus aird a tharraingt uirthi.
- Líon na gCairde a mhéadú.
- Tuilleadh seirbhísí a chur ar fail do na cairde.
- Cairde nua a mhealladh trí chomhlachtaí a roghnú go straitéiseach.
- 5 ghnólacht le hardphróifíl a roghnú ón Scéim Cairde, chun an Ghaeilge a úsáid den chéad uair.
- Grúpaí Oibre a bhunú ón Scéim Cairde, agus úsáid a bhaint as an saineolas i measc na gCairde agus de réir mar a oireann sé do na tograí idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge.

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

### 2.4 AN GHAEILGE SA GHNÓ 2007

### NOLLAIG SHONA I NGAEILGE!

Soilsíodh Cathair na Gaillimhe i nGaeilge, nuair a las an tAire Éamon Ó Cuív, Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Soilse Nua na  Nollag le cuidiú Mhéara na Gaillimhe, an Comhairleoir Tom Costello agus Michael Kerrin, Páirc na Sceach, ag ócáid speisialta  eagraithe ag Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe agus ag  Gaillimh le Gaeilge Déardaoin 29 Samhain 2007.

Cheadaigh an tAire Éamon Ó Cuív, deontas de ?57,750, chun cuidiú le Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe Soilse na Nollag i nGaeilge a  chrochadh ar fud na Cathrach.  D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhpháirt le Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe, chun na Soilse Nollag i nGaeilge a chur ar fáil do mhuintir na Gaillimhe agus cur le híomhá dhátheangach na Cathrach.

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go dtarlóidh sé go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gcathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na cathrach.  Síneann normalú isteach i ngach cuid den chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na cathrach ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach.

Tá sé riachtanach, mar sin, go mbeadh an Ghaeilge feiceálach i ngnáthshaol na cathrach.  Cuireann Gaillimh le Gaeilge seirbhísí ar fáil, chun cabhrú leis an lucht gnó an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, más ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht, ar bhiachláir, nó ar bhealach ar bith eile a oireann don ghnó, atá i gceist.

Cuireadh  an tseirbhís 'An Ghaeilge sa Ghnó' ar fáil do 10 nGnólacht  i rith na bliana. Tugadh moltaí agus spriocanna dóibh go léir chun an Ghaeilge, nó tuilleadh  Gaeilge a shníomh isteach ina gcuid gnólachtaí.

Ina measc bhí:
- COPE
- CORRIB REMOVALS & STORAGE
- MENLO PARK HOTEL & CONFERENCE CENTRE
- NEYLON & CO.
- O' BRIENS SANDWICHES
- ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES
- RADISSON SAS HOTEL
- SOLAS SCHOOL
- ST. CLERANS
- THE HARBOUR HOTEL



Ó Chlé: An tAire Éamon Ó Cuív TD, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Michael Kerrin, Páirc na Sceach agus Méara na Gaillimhe, An Comhairleoir Tom Costello, ag lasadh shoilse nua na Nollag ar Shráid Liam, Gaillimh.




Comharthaíocht Ghaeilge na Nollag a bhí crochta suas ar shráideanna Chathair na Gaillimhe.



Comharthaíocht Ghaeilge na Nollag a bhí crochta suas ar shráideanna Chathair na Gaillimhe.



## DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

## AN GHAEILGE SA GHNÓ 2007

### COMHARTHAÍ NUA

Rinneadh aistriúchán ginearálta ar 17,301 focal, do ghnólachtaí i rith 2007 agus aistriúchán 4,913 focal ar bhiachláir do ghnólachtaí na Cathrach.
Is iad seo a leanas na comhlachtaí, a rinne athchóiriú ar a gcuid gnólachtaí i 2007. Chuir siad comharthaí NUA in airde ag cur go mór le híomhá dhátheangach na Gaillimhe.

- **B & Q, CNOC NA CATHRACH**
- **COOKES BAR & RESTAURANT, SRÁID GHEATA BHIG ÍOCHT.**
- **CORRIB REMOVALS & STORAGE, PÁIRC NA SCEACH**
- **DUNNES, BAILE AN BHRIOTAIGH**
- **GREENES MENSWEAR, BARR AN CHALAIDH**
- **MUSGRAVES CASH & CARRY, BÓTHAR THUAMA**
- **ORLA MURRAY FINANCIAL SERVICES, SRÁID AN SCONSA**
- **TARA THEATRE, SRÁID DHOIMINIC**

### STÁISEANÓIREACHT DHÁTHEANGACH NUA

Seo liosta de chomhlachtaí a d'fhorbair stáiseanóireacht dhátheangach i 2007.

- **Corrib Removals & Storage, Páirc na Sceach**
- **Orla Murray Financial Services, Sráid an Sconsa**
- **Solas School, 5 Sráid Lombardach**
- **Talent Fusion, Páirc Theicneolaíochta na Gaillimhe**




An Ghaeilge in úsáid ar duillín dea mhéine an Solas School, Sráid na Lombardach, Gaillimh.

Éide le mana i nGaeilge, in úsáid ag Corrib Removals & Storage, buaiteoirí Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh.

Stáiseanóireacht dhátheangach in úsáid ag Orla Murray Financial Services, Sráid an Sconsa, Gaillimh.




An chomhharthaíocht nua a chuir B & Q, Cnoc na Cathrach in airde i 2007.




An chomhharthaíocht nua a chuir Seodóirí Lazlo, Sráid Liam in airde i 2007.




An chomhharthaíocht nua a chuir Dunnes, Cnoc na Cathrach in airde i 2007.




An Chomharthaíocht nua a chuir Siopa Éadaí Greene's, i mBarr an Chalaidh in airde i 2007

2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2008

2008

- An chomharthaíocht dhátheangach reatha a mhéadú i  gCathair na Gaillimhe.
- Feachtas poiblíochta a eagrú chun aird a tharraingt ar ghnólachtaí atá ag tacú le polasaí dátheangach na Cathrach.agus poiblíocht a thabhairt dóibh.
- Foireann Ghaillimh le Gaeilge a cuid acmhmainní agus a cuid ama a dhíriú go straitéiseach, ar chomhlachtaí móra/comhlachtaí idirnáisiúnta nó ar ionaid siopadóireachta  a bhfuil tionchar láidir acu ar dhaonra mór [m.sh. Ollmhargaí, Páirceanna Gnó, Ionaid Spóirt srl.]  É seo a dhéanamh chun úsaid na Gaeilge a chur chun cinn.
- Oibriú i gcomhar leis an gComhairle Cathrach, chun meicníocht a chur i bhfeidhm i Rannóg Pleanála na Comhairle Cathrach i leith polasaí do chomharthaí dátheangacha.
- Taighde ábhartha a chruthú agus a nuashonrú chun an chaoi ar féidir leis an nGaeilge luach gnó a mhéadú agus a léiriú agus go mbeadh sé mar spreagadh don lucht gnó chun  níos mó Gaeilge a úsáid.





## DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

## 2.5 SUÍOMH www.gleg.ie

Rinneadh forbairt ar shuíomh idirlín Ghaillimh le Gaeilge, le forbairt Eolaire Gnó Ghaillimh le Gaeilge ar www.gleg.ie.  Seoladh  é ag ócáid Shóisialta i mBeár agus Bialann Lohans i mBóthar na Trá, Dé Céadaoin 14 Márta 2007.

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge an ócáid i gcomhar le  Lohans Bar & Restaurant, mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge.  Is éard atá san 'Eolaire Gnó' ná liosta de dhaoine atá ag obair i gCathair na Gaillimhe, a bhfuil ar a gcumas agus toilteanach seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí na Gaillimhe. Tá an tEolaire Gnó le fáil ar shuíomh idirlín Ghaillimh le Gaeilge, www.gleg.ie.

Faoi láthair tá 127 duine liostáilte ar an Eolaire Gnó agus 86 chomhlacht ó réimsí éagsúla. Tá fás leanúnach ag teacht ar na huimhreacha seo bliain i ndiaidh bliana.

## SUÍMH IDIRLÍN LE ROINNT GAEILGE

Orla Murray Financial Serivces - www.orlamurray.com





Ó Chlé: Tomás Breathnach, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, An Comhairleoir Tom Costello agus Gearóidín Ní Ghioballáin, Gaillimh le Gaeilge ag an seoladh ar Eolaire Gnó Ghaillimh le Gaeilge i mBeár & Bialann Lohans, Bóthar na Trá.



Ó Chlé: Máire Nic Pháidín, Óstán an 'Glenlo Abbey' agus Máire Ní Mhulláin, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ag an seoladh ar Eolaire Gnó Ghaillimh le Gaeilge i mBeár & Bialann Lohans, Bóthar na Trá.



Ó Chlé:  Enda Folan, Computer Trouble Shooters, Tony Barrett, FAS, agus Tony Freeney, Freeney's  ag an seoladh ar Eolaire Gnó Ghaillimh le Gaeilge i mBeár & Bialann Lohans, Bóthar na Trá.

2

# SPRIOC STRAITÉISEACH 2:

## NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCENNA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2007

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2008

2008

- Gaillimh le Gaeilge, dul i bhfeidhm ar agus comhoibriú le 'Eghrúpa na Gaillimhe' agus grúpaí feiliúnacha eile agus comhoibriú leo chun cuideachtaí a spreagadh i leith úsáid na Gaeilge, ar a láithreáin ghréasáin.

- Tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir le himeachtaí Ghaeilge, i gCathair na Gaillimhe ar www.gleg.ie .

- Margaíocht a dhéanamh ar www.gleg.ie chun líon na gcuairteoirí a mhéadú.

- Tuilleadh nascanna a chruthú le suímh comhlachtaí agus eagraíochtaí eile, chun gradú ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge a mhéadú in innill chuardaigh ar nós Google.





## 2.6 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Tuairiscíodh ar obair Ghaillimh le Gaeilge sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta i rith na bliana. Rinneadh agallaimh leis na meáin chumarsáide (áitiúla agus náisiúnta) i rith na bliana chomh maith. Is cuid riachtanach d'obair Ghaillimh le Gaeilge a bheith ag obair leis na meáin chumarsáide, chun íomhá dhearfach a chinntiú dá fiontar. Is é sin íomhá de Ghaillimh mar Chathair dhátheangach a choinneáil os comhair an phobail agus muintir na Gaillimhe a choinneáil ar an eolas faoin obair a bhíonn ar siúl aici. Ár mbuíochas dóibh siúd uilig a chuidigh linn san obair sin. I rith 2007 tuairiscíodh ar an obair sna nuachtáin áitiúla agus sna meáin chumarsáide 98 uair i rith na bliana.

### NA NUACHTÁIN - GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

| | |
|---|---|
| An 'Galway Advertiser' | 25/01/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 08/02/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 09/02/2007 |
| An 'Galway Independent' | 14/02/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 15/02/2007 |
| An 'Galway Independent' | 21/02/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 22/02/2007 |
| Foinse | 25/02/2007 |
| An 'Connacht Sentinal' | 27/02/2007 |
| An 'Galway Independent' | 28/02/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 01/03/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 02/03/2007 |
| Saol | 13/03/2007 |

### AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS & AN tIDIRLÍON - GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH

| | |
|---|---|
| RTÉ Ráidió na Gaeltachta | 08/01/2007 |
| Gréasán 'Aran Direct' | 19/02/2007 |
| Gaelport.com | 23/02/2007 |

### NA NUACHTÁIN - EOLAIRE GNÓ GHAILLIMH LE GAEILGE

| | |
|---|---|
| An 'Galway City Tribune' | 19/01/2007 |
| An 'Irish Examiner' | 19/01/2007 |
| An 'Galway Independent' | 24/01/2007 |
| An 'Galway Independent' | 31/01/2007 |
| Saol | 13/02/2007 |
| An 'Galway Independent' | 14/03/2007 |
| Foinse | 18/03/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 22/03/2007 |
| An 'Galway Independent' | 28/03/2007 |
| An 'Galway Independent' | 04/04/2007 |
| Tribe Vibes | 11/04/2007 |
| Saol | 12/04/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 26/07/2007 |

### AN RAIDIÓ, AN TEILIFÍS - EOLAIRE GNÓ GHAILLIMH LE GAEILGE

| | |
|---|---|
| Galway Bay FM | 17/01/2007 |

## DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

2.6

### NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

#### NA NUACHTÁIN & NA HIRISÍ – BARBAICIÚ AN TSAMHRAIDH

| | |
|---|---|
| Galway First | 18/06/2007 |
| An 'Galway Sentinel' | 19/06/2007 |
| An 'Galway Independent' | 20/06/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 21/06/2007 |
| An 'Connacht Sentinal' | 26/06/2007 |
| An 'Galway Independent' | 27/06/200 |
| An 'Galway Advertiser' | 28/06/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 29/06/2007 |
| Foinse | 30/06/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 06/07/2007 |

#### NA NUACHTÁIN & AN tIDIRLÍON - BARBAICIÚ AN tSAMHRAIDH

| | |
|---|---|
| Ráidió na Life | 19/06/2007 |
| RTÉ Ráidió na Gaeltachta | 20/06/2007 |

#### NA NUACHTÁIN & AN tIDIRLÍON - GINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| An 'Galway Advertiser' | 11/01/2007 |
| Foinse | 13/01/2007 |
| An 'Galway Independent' | 17/01/2007 |
| Saol | 18/01/2007 |
| Lámhleabhar Sheachtain na Gaeilge | 02/03/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 16/03/2007 |
| Nuachtlitir an Chumainn Tráchtála | 11/04/2007 |
| The Irish Times | 16/05/2007 |
| An 'Galway Independent' | 16/05/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 17/05/2007 |
| Gaelport.com | 21/5/2007 |
| The Sentinal | 22/05/2007 |
| An 'Galway Independent' | 23/05/2007 |
| The Irish Times | 23/05/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 24/05/2007 |
| Foinse | 27/05/2007 |
| Saol | 07/06/2007 |
| The Sunday Tribune | 16/06/2007 |
| Lá Nua | 26/7/2007 |
| An 'Galway Independent' | 1/8/2007 |
| An 'Sunday Tribune' | 16/9/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 27/9/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 28/9/2007 |
| An 'Connacht Sentinal' | 30/10/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 1/11/2007 |
| An 'Galway Independent' | 7/11/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 8/11/2007 |
| Lá Nua | 8/11/2007 |
| An 'Galway City Tribune' | 9/11/2007 |
| Lá Nua | 15/11/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 15/11/2007 |
| An 'Northside People' | 16/11/2007 |
| An 'Galway Independent' | 21/11/2007 |
| Sunday Independent | 25/11/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 29/11/2007 |
| Gaelport.com | 29/11/2007 |
| An 'Galway First' | 3/12/2007 |
| An 'Galway First' | 17/12/2007 |
| An 'Galway Advertiser' | 20/12/2007 |

#### AN RAIDIÓ & AN TEILIFÍS - OBAIR GHAILLIMH LE GAEILGE

| | |
|---|---|
| RTÉ Ráidió na Gaeltachta | 11/01/2007 |
| Galway City Channel | 13/02/2007 |
| Raidió na Life | 20/02/2007 |
| Galway Bay FM | 23/02/2007 |
| Galway Bay FM | 24/02/2007 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 14/03/2007 |
| TG4 | 14/03/2007 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 18/05/2007 |
| Galway Bay FM | 22/05/2007 |
| TG4 | 29/10/2007 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | 07/11/2007 |
| Raidió na Life | 07/11/2007 |
| Raidió na Life | 14/11/2007 |
| Newstalk | 29/11/2007 |



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2008

2008

- Na meáin a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid go rialta.
- Teagmháil rialta a choimeád leis na meáin faoi imeachtaí Ghaillimh le Gaeilge.
- Leanúint ar aghaidh le forbairt ár dteagmhála leis na Meáin.
- Beidh sí mar sprioc againn teagmháil a dhéanamh leo go rialta le scéalta, maidir le húsáid na Gaeilge laistigh de chomhlachtaí.
- Gaillimh le Gaeilge, dul i bhfeidhm ar na Meáin Náisiúnta, ag úsáid an chaidrimh atá cothaithe leis na meáin áitiúla.



3

# SPRIOC STRAITÉISEACH 3:

## 'ÚINÉIREACHT' AN PHOBAIL, DEN GHAEILGE A SHAOTHRÚ I BPOBAL NA CATHRACH

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

3.1 D'oibrigh Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le scátheagraíochtaí, grúpaí gnó agus grúpaí pobail éagsúla feiliúnacha chun cuidiú suntasach a thabhairt d'fhorfheidhmiú an dátheangachais sa chathair trína bpobail agus a mbaill a spreagadh.

### TÁ IONADAÍOCHT AG GAILLIMH LE GAEILGE AR:

- Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe. Tá 28 mball ar an bhord ó ghníomhaireachtaí stáit, ón rialtas áitiúil, ó pháirtithe sóisialta agus ón fhorbairt áitiúil. Is í príomhaidhm an Bhoird ná straitéis eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha deich mbliana a sholáthar do chathair na Gaillimhe.

- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe. Glór Earnála Deonaí agus Pobail Chathair na Gaillimhe, atá i bhFóram Pobail Chathair na Gaillimhe.

- Grúpa Turasóireacht Cathrach agus Contae na Gaillimhe, atá freagrach as straitéis thurasóireachta inmharthana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do chathair agus do Chontae na Gaillimhe.

- Coiste Polasaí Straitéiseach Áineasa, Taitneamhachta & Cultúir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

- Grúpa Cruthaitheach na Cathrach

### TÁ GAILLIMH LE GAEILGE INA COMHALTA DE:

- Cumann Tráchtála na Gaillimhe

- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe

- MGG (BPW) na Gaillimhe

- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ 2008


2008

- Comhoibriú le grúpaí eile a fhorbairt agus a neartú.

- An comhoibriú agus an déileáil a bhíonn againn leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus leis an bpobal gnó a fhorbairt agus a neartú.

- Caidrimh a fhorbairt agus a neartú freisin le pobail na Gaeltachta, go mór mhór na pobail Ghaeltachta sin timpeall Chathair na Gaillimhe. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach i gcomhar leis na hOifigigh Gaeilge i gComhairle Chontae na Gaillimhe agus i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd na heagraíochtaí a bhíonn ag obair le Gaillimh le Gaeilge. Áirítear orthu sin:

- Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe
- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
- Grúpa Turasóireachta Cathrach agus Chontae na Gaillimhe
- Coiste Polasaí Straitéiseach Áineasa, Taitneamhachta & Cultúir
- Grúpa Cruthaitheach na Cathrach



3

# SPRIOC STRAITÉISEACH 3:

## 'ÚINÉIREACHT' AN PHOBAIL, DEN GHAEILGE A SHAOTHRÚ I bPOBAL NA CATHRACH

2007

### DUL CHUN CINN DÉANTA I 2007

### BRONNADH GRADAM AN MHÉARA AR CHOISTE STIÚRTHA GHAILLIMH LE GAEILGE.

Bhronn an Méara Tom Costello, Gradam an Mhéara do 2007 ar Choiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge ar an 22 Eanáir 2008.

Bronnadh an Gradam seo ar an gCoiste de bharr a chuid oibre dícheallaí is a thiomantas, i leith phobal na Gaillimhe ar bhonn deonach. Is de bharr gur chuir an obair seo a rinne siad le hiombualadh dearfach is le caighdeán saoil an phobail i gCathair na Gaillimhe, a bhain an Coiste an Gradam amach.



Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge, ag glacadh le Gradam an Mhéara ón gComhairleoir Tom Costello, Méara Chathair na Gaillimhe thar ceann Choiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge.

### AN COISTE STIÚRTHA:

| | |
|---|---|
| Caitlín Nic an Ultaigh [Cathaoirleach] | Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscollaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Aindriú D'Arcy | Ceann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe /Maigh Eo |
| An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh | Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Joe Greaney | Stiúrthóir, WESTBIC |
| Máire Mhic Aodha | Comhordaitheoir Réigiúnach, Banc na hÉireann |
| Pádraic Ó Ráighne | Feidhmeannach Margaíochta TG4 |
| Tomás Breathnach | Timire Ghaeilge Choistí Gairmoideachais Chontae agus Chathair an Gaillimhe |
| Pádraig Ó Beaglaoich | Iar-PhríomhOifigeach san Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta |

**Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uilig i gcathair na Gaillimhe atá ag déanamh sárobair i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh ar sin ag cur Cathair na Gaillimhe chun cinn mar chathair Dhátheangach.**

**Coiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge**



# DLÚTHCAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2007

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

arandirect.com
caol díreach go hÁrainn

Galway Advertiser

Glenlo Abbey Hotel

GMIT

Harrmack Developments Ltd

hp invent

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

post

TG4

Údarás na Gaeltachta